



An Bhruiséil, 7 Nollaig 2018
(OR. en)

15272/18

JAI 1258
COPEN 437
DROIPEN 197
GENVAL 44
CATS 94
EUROJUST 172
EJN 59
EJUSTICE 175

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 7 Nollaig 2018

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 14540/18 + COR 1
roimhe seo:

Ábhar: Aitheantas frithpháirteach in ábhair choiriúla
- Conclúidí ón gComhairle (an 7 Nollaig 2018)

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le 'Aitheantas frithpháirteach a chur chun cinn trí iontaoibh fhrithpháirteach a fheabhsú', a ghlac an Chomhairle ag an 3661ú cruinniú a bhí aici ar an 6 agus an 7 Nollaig 2018.

Conclúidí ón gComhairle

'Aitheantas frithpháirteach a chur chun cinn trí iontaoibh fhrithpháirteach a fheabhsú'

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á mheabhrú di, i gcomhréir le hAirteagal 82(1) CFAE, gur ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha atá an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla san Aontas bunaithe;

Ag tabhairt dá haire cur i bhfeidhm an phrionsabail sin, cuireann údarás inniúil i mBallstát amháin breithiúnas agus cinntí breithiúnacha ar aghaidh chuig údarás inniúil i mBallstát eile, déanann an Ballstát seo an cinneadh a fhorghníomhú amhail agus dá mba é a chinneadh féin é (faoi réir na rialacha is infheidhme);

Á dhearbhu di gur bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh atá an iontaoibh fhrithpháirteach a forbraíodh trí luachanna comhroinnte na mBallstáit, luachanna a bhaineann le meas ar dhíon an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta, agus ar chearta an duine, ionas go mbeidh iontaoibh ag gach údarás as na húdaráis eile caighdeáin choibhéiseacha maidir le cosaint ceart i ngach cuid dá gcóras ceartais choiriúil a chur i bhfeidhm;

Á chur i dtreis di an ceart chun trialach córa, lena n-áirítear, *inter alia*, gur den rithábhacht neamhspleáchas na mbreithiúna d'fhonn cosaint éifeachtach a dhéanamh ar chearta bunúsacha, ós iad na nithe sin a ráthaíonn cosaint do chearta uile an duine aonair faoi dhlí an Aontais Eorpaigh agus faoin dlí náisiúnta agus a chosnaíonn luachanna coiteanna na mBallstát mar a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, go háirithe an smacht reachta;

Á thabhairt dá haire gur féidir le saincheisteanna éagsúla – go sonrach iad siúd a bhfuil an ghné phraiticiúil nó an ghné pholaitiúil ag baint leo – dochar a dhéanamh don iontaoibh fhrithpháirteach, agus dá bhrí sin, go mbíonn gá le hiarracht leanúnach chun an iontaoibh seo a chothú agus a fheabhsú;

De bhrí go mbaineann na saincheisteanna sin, *inter alia*, le difríochtaí maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm dhlí an Aontais, an smacht reatha, agus réimsí a mbaineann íogaireacht faoi leith leo maidir le cearta bunúsacha, amhail coinníollacha coinneála agus fad an athchuir faoi choimeád;

Á mheabhrú di gur ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí aici ar an 12 agus an 13 Iúil 2018 a phléigh na hairí na forbairtí is déanaí a mbaineann dúshlán leo maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, agus a phléigh siad cásdlí ábhartha na Cúirte Breithiúnais;

Á mheabhrú di, thairis sin, ag an gcruinniú CATS ar an 18 Meán Fómhair 2018, phléigh na toscaireachtaí páipéar ón Uachtaránacht inar leagadh amach na fadhbanna agus na constaicí a thagann chun cinn i ndáil le cur chun feidhme ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh, mar aon le moltaí maidir le gníomhaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh (11956/18);

Á mheabhrú di, ar deireadh, ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ar an 11 Deireadh Fómhair 2018, chuir na hairí ionchur ar fáil maidir leis na cleachtais is fearr agus maidir lena ndearnadh chun feabhas a chur ar an aitheantas fhrithpháirteach agus ar an iontaoibh fhrithpháirteach, agus maidir le bearta praiticiúla agus dlíthiúla a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na forbairtí is déanaí, go háirithe na forbairtí maidir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais agus cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (12492/18);

TAR ÉIS NA CONCLÚIDÍ SEO A LEANAS A GHLACADH:

1. Meabhraítear do **na Ballstáit** go bhfuil éifeachtúlacht agus éifeachtacht ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh an Aontais Eorpaigh, go háirithe iad siúd ar Cinntí Réime nó Treoracha ó thaobh dlí iad, ag brath cuid mhór ar an reachtaíocht náisiúnta ábhartha a bheith á dréachtú agus á glacadh i gcomhréir leis na hionstraimí sin;

2. Tathantaítear ar **na Ballstáit** a thabhairt dá n-aire an tábhacht a bhaineann le cur chun feidhme na dtreoracha maidir le cearta nós imeachta¹ in am is i dtráth agus ar an mbealach ceart d'fhonn an ceart chun triail chóir a fháil a ráthú;
3. Ba cheart do **na Ballstáit** féachaint leis anois agus feasta neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna agus na mbreithiúna a áirithiú ós rud é gur cuid lárnach é seo den cheart bunúsach chun triail chóir a fháil, arna ráthú ag an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt;
4. Meabhraítear do **na Ballstáit**, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, nach féidir údar a thabhairt do dhiúltú do chinneadh nó do bhreithiúnas a fhorghníomhú a eisíodh ar bhonn ionstraim aitheantais fhrithpháirtigh ach amháin in imthosca eisceachtúla, agus á chur san áireamh nach féidir le Ballstáit, de bhua an phrionsabail faoina dtugtar tosaíocht do dhlí an Aontais, leibhéal níos airde i dtaca le cosaint náisiúnta ar chearta bunúsacha a éileamh ó Bhallstát eile ná an leibhéal sin dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais Eorpaigh. Ós amhlaidh atá, i gcás ar bith maidir le neamhfhorghníomhú atá bunaithe ar shárú ar chearta bunúsacha, ba cheart srian a chur i bhfeidhm, bunaithe ar an gcur chuige a d'fhorbair an Chúirt Bhreithiúnais ina cásdlí;
5. Moltar do **na Ballstáit** reachtaíocht a chur i bhfeidhm a fhágann gur féidir, i gcás inarb iomchuí, leas a bhaint as bearta eile chun daoine a choinneáil d'fhonn a líon siúd atá ina gcuid saoráidí coinneála a laghdú, agus ar an gcaoi sin, aidhm an athshlánaithe shóisialta a chur chun cinn, agus ina theannta sin aghaidh a thabhairt ar an bhfíric gur minic a chuirtear isteach ar an iontaoibh fhrithpháirteach mar gheall ar dhroch-choinníollacha coinneála agus príosúin phlódaíthe;
6. Moltar do **na Ballstáit** agus don **Choimisiún** oiliúint leanúnach maidir le breithiúna, ionchúisitheoirí agus cleachtóirí eile a chur chun cinn, lena n-áirítear i réimse na gceart bunúsach in imeachtaí coiriúla ós féidir leis sin cur i bhfeidhm ionstraimí an Aontais a fheabhsú bunaithe ar aitheantas frithpháirteach; moltar dóibh an iontaoibh fhrithpháirteach a chothú sa limistéar breithiúnach Eorpach trí sheimineáir oiliúna breithiúnach a eagrú agus a mhalartú, agus aird chuí a thabhairt ar mhaoiniú leordhóthanach do ghníomhaíochtaí oiliúna sa réimse seo ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, go háirithe na cinn sin a eagraíonn an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB);

¹ Treoracha 2010/64, 2012/13, 2013/48, 2016/343, 2016/800 agus 2016/1919 maidir leis na Ballstáit sin atá faoi cheangal acu.

7. Moltar do **na Ballstáit** cleachtóirí a ainmniú – agus iad ina bpointí teagmhála náisiúnta don Ghréasán Breithiúnach Eorpach – ina ndlínse féin mar shaineolaithe maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, ionas gur féidir leo cúnamh a thabhairt do chleachtóirí eile i gcur i bhfeidhm gach ionstraimhe ábhartha, lena n-áirítear ionstraimí de chuid an Aontais Eorpaigh atá bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh;
8. Moltar do **na Ballstáit**, i gcás inar féidir, le tacaíocht ó mhaoiniú de chuid an Aontais Eorpaigh, malartuithe idir cleachtóirí sna Ballstáit éagsúla a chur chun cinn agus teagmhálacha eile idir cleachtóirí den sórt sin a spreagadh mar gur féidir leis sin feabhas a chur ar an iontaoibh fhrithpháirteach agus cur i bhfeidhm éifeachtúil phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur chun cinn;
9. Moltar do **na Ballstáit** dea-chleachtais a chomhroinnt d'fhonn an t-aitheantas frithpháirteach agus an iontaoibh fhrithpháirteach a fheabhsú, lena n-áirítear COPEN nó CATS;
10. Moltar do **na Ballstáit** treoirlínte (neamhcheangailteacha) a bhunú maidir le cur i bhfeidhm ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh an Aontais chun cabhrú le cleachtóirí tuiscint a fháil ar an mbealach is ceart an reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme ionstraimí an Aontais a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm;
11. **Iarrtar ar** na Ballstáit moladh do na cleachtóirí úsáid iomlán a bhaint as na deiseanna a bhaineann le EJR agus Eurojust, i gcomhréir lena sainorduithe féin, mar chúnamh do na cleachtóirí sin an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a láimhseáil,
12. **Iarrtar go sonrach** ar na Ballstáit moladh do na cleachtóirí úsáid a bhaint as na huirlisí praiticiúla a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach agus as na foirmeacha agus na deimhnithe (leictreonacha) a bhaineann leis na hionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh, atá ar fáil ar láithreán gréasáin an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh, mar go bhféadfadh sin cur i bhfeidhm na n-ionstraimí seo a éascú;

13. Iarrtar ar na **Ballstáit** spreagadh a thabhairt do chleachtóirí a ghníomhaíonn mar údaráis fhorghníomhaitheacha i nósanna imeachta aitheantais fhrithpháirtigh dul i mbun comhphlé agus comhairliúcháin dhírigh le húdaráis eisiúna sna Ballstáit eile nuair is iomchuí sin a dhéanamh, go háirithe sula gcuirtear san áireamh gan chinneadh nó breithiúnas a aithint nó a fhorghníomhú, ar cinneadh nó breithiúnas é a sheoltar i gcomhthéacs na nósanna imeachta sin;
14. Iarrtar ar na **Ballstáit** a áirithiú go bhfuil sé d'acmhainn ag Pointí Teagmhála an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh (GBE) a gcuid cúraimí a dhéanamh ina gcáil mar Phointí Teagmhála GBE in éineacht lena ngnáthdhualgais agus lena ngnáthchúraimí, mar a tugadh le fios sa Tuarascáil Chríochnaitheach den séú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha (Moladh Uimh. 7), chun gur féidir le GBE a chúram a dhéanamh ar dhóigh éifeachtach, lena n-áirítear i réimse an aitheantais fhrithpháirtigh;
15. Iarrtar ar na **Ballstáit** a bhfuil dearbhú (forchoimeádas) déanta acu maidir le hionstraim aitheantais fhrithpháirtigh a fhíorú an féidir an dearbhú sin a tharraingt siar, chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na hionstraime lena mbaineann a chothú;
16. Iarrtar ar na **Ballstáit** rannpháirtíocht ghníomhach na n-ionadaithe inniúla sa chomhdháil ar phlódú i bpríosúin a chur chun cinn, comhdháil a bheidh á heagrú ag Comhairle na hEorpa, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, ar an 24 agus 25 Aibreán 2019, agus sa chomhdháil ar na dúshláin atá roimh na córais phríosúnachta san Eoraip a bheidh ar siúl faoi Uachtaránacht na Rómáine ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh;
17. Iarrtar ar na **Ballstáit** agus ar an **gCoimisiún** Córas um Mhalartú Digiteach r-Fhianaise a chur ar bun mar ábhar tosaíochta mar bhealach slán chun iarrataí agus freagraí ón Ordú Imscrúdaithe Eorpach agus CDF a sheoladh;
18. Iarrtar ar an **gCoimisiún** úsáid a bhaint as a chuid inniúlachtaí, i gcásanna inarb iomchuí, chun a áirithiú go gcuirfear ionstraimí an Aontais maidir le comhar breithiúnach in ábhair chóiriúla agus cearta nós imeachta ar bhealach tráthuil, ceart;

19. Iarrtar ar an **gCoimisiún** treoir phraiticiúil a sholáthar maidir leis an gcásdlí déanach ó CBAE, go háirithe cásdlí *Aranyosi*, agus maidir le conas is féidir le cleachtóirí foinsí ábhartha a aimsiú ina bhfuil faisnéis oibiachtúil, iontaofa agus nuashonraithe i gceart maidir le suíomhanna peannadlainne agus coinníollacha príosúin sna Ballstáit;

20. Iarrann an **Chomhairle** ar na Ballstáit machnamh ar shocraíochtaí a dhéanamh chun Bileog eolais Chomhairle na hEorpa maidir le coinníollacha coinneála agus cóireáil príosúnach a aistriú chuig an teanga oifigiúil acu agus na haistriúcháin sin a thabhairt do Chomhairle na hEorpa lena bhfoilsiú ar a suíomh gréasáin;

21. Iarrtar ar an **gCoimisiún**, i gcomhairliúchán leis na Ballstáit, a lámhleabhar ar an mbarántas gabhála Eorpach a fhorbairt tuilleadh agus a nuashonrú go rialta, lena n-áirítear trí chásdlí déanach CBAE agus na dea-chleachtais lena chur chun feidhme a chur san áireamh, agus lámhleabhair a fhorbairt ar na hionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh eile tráth a gcur chun feidhme go hiomlán ag na Ballstát, mar shampla na Cinntí Réime maidir le príosúnacht² agus promhadh³, agus, amach anseo, an Treoir maidir le OIE⁴ agus an Rialachán maidir le horduithe calctha agus coigistíochta⁵, ionas go gcuirfear cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm cearta na n-ionstraimí sin chun cinn;

22. Iarrtar ar an **gCoimisiún** fógraí ó na Ballstáit maidir leis na hionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh nó ionstraimí eile atá ábhartha don chomhar breithiúnach in ábhair chóiriúla a chur in iúl do GBE i dteanga amháin ar a laghad den Aontas atá intuigthe go coitianta ionas go mbeidh GBE in ann iad a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin;

² Cinneadh Réime 2008/909.

³ Cinneadh Réime 2008/947.

⁴ Treoir 2014/41.

⁵ Rialachán 2018/1805.

23. Moltar don **Choimisiún** leanúint de chruinnithe le saineolaithe agus cleachtóirí a eagrú chun ceisteanna a bhaineann leis an aitheantas frithpháirteach a phlé, minicíocht agus déine na gcruinnithe sin a mhéadú, má mheastar gur fiú é, agus torthaí na gcruinnithe sin a chur ar fáil do chleachtóirí;

24. Iarrtar ar an **gCoimisiún** an leas is fearr is féidir a bhaint as na cistí faoi chlár an Aontais, i gcás go gcuirfear ar fáil iad, d'fhonn comhar breithiúnach idir na Ballstáit a neartú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear d'fhonn saoráidí coinneála sna Ballstáit a nuachóiriú agus tacú leis na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb maidir le coinníollacha coinneála easnamhacha, toisc gur féidir leis sin a bheith díobhálach i ndáil le cur i bhfeidhm na n-ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh;

25. Moltar don **Choimisiún**, don **Chomhairle** agus do **Pharlaimint na hEorpa** ionstraimí maidir le haitheantas frithpháirteach a dhréachtú, lena n-áirítear na foirmeacha agus na deimhnithe ar bhealach soiléir, cruinn agus furasta don úsáideoir, agus tuilleadh comhsheasmhachta i ndréachtú den chineál sin, d'fhonn cur i bhfeidhm na n-ionstraimí sin ag cleachtóirí a éascú. I gcás inarb iomchuí, ba cheart tacaíocht a iarraidh ó Eurojust agus GBE chun na críche sin;

26. Moltar do **Eurojust** leanúint ar aghaidh lena obair chomhoibritheach agus straitéiseach i ndáil le hionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh d'fhonn cur i bhfeidhm na n-ionstraimí sin a éascú;

27. Iarrtar ar **Eurojust** agus ar **GBE** leanúint den ról gníomhach atá acu a imirt chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní agus dea-chleachtais san aitheantas frithpháirteach a aithint agus leanúint d'aird rialta a thabhairt ar ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh ina gcuid cruinnithe le cleachtóirí;

28. Moltar do **GBE** leanúint d'fheabhas a chur ar a shuíomh gréasáin le faisnéis phraiticiúil faoi ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh, i measc nithe eile, ós rud é gur léir gur uirlis úsáideach é sin do chleachtóirí;

29. Moltar do **GEOB** leanúint de mhalartuithe idir cleachtóirí agus oiliúint maidir le dlí an Aontais a eagrú, lena n-áirítear maidir le hábharthacht Chairt um Chearta Bunúsacha i dtaca le feidhmiú na n-ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh in ábhair chóiriúla;

30. Iarrtar ar an **gComhairle** oibríocht phraiticiúil ionstraimí áirithe aitheantais fhrithpháirtigh a ainmniú mar ábhar don naoú babhta measúnuithe frithpháirteacha;

31. Iarrtar ar an **Uachtaránacht** leanúint d'aird iomchuí a dhíriú, lena n-áirítear ar an leibhéal polaitiúil, ar cheist an aitheantais fhrithpháirtigh agus na hiontaoibhe frithpháirtí, go háirithe trí mhalartú rialta tuairimí ar an ábhar sin a áirithiú, d'fhonn cur i bhfeidhm na n-ionstraimí a chur chun cinn bunaithe ar phrionsabail an aitheantais fhrithpháirtigh.
